



**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA**

**AN CHOMHAIRLE**

**Strasbourg, 13 Nollaig 2023  
(OR. en)**

**2021/0395(COD)  
LEX 2288**

**PE-CONS 51/1/23  
REV 1**

**EJUSTICE 39  
JURINFO 11  
JAI 1051  
JUSTCIV 110  
COPEN 279  
CODEC 1427**

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE  
LENA LEASAÍTEAR TREORACHA 2011/99/AE AGUS 2014/41/AE  
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE,  
TREOIR 2003/8/CE ÓN gCOMHAIRLE AGUS CINNTÍ RÉIME  
2002/584/CGB, 2003/577/CGB, 2005/214/CGB, 2006/783/CGB, 2008/909/CGB,  
2008/947/CGB, 2009/829/CGB AGUS 2009/948/CGB ÓN gCOMHAIRLE,  
A MHÉID A BHAINNEANN LE DIGITIÚ AN CHOMHAIR BHREITHIÚNAIGH**

**TREOIR (AE) .../...**  
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 13 Nollaig 2023**

**lena leasaítear Treoracha 2011/99/AE agus 2014/41/AE  
ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2003/8/CE ón gComhairle  
agus Cinntí Réime 2002/584/CGB, 2003/577/CGB, 2005/214/CGB, 2006/783/CGB,  
2008/909/CGB, 2008/947/CGB, 2009/829/CGB agus 2009/948/CGB ón gComhairle,  
a mhéid a bhaineann le digitíú an chomhair bhreithiúnaigh**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(2),  
pointí (e) agus (f), agus Airteagal 82(1), pointe (d), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>1</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach<sup>2</sup>,

---

<sup>1</sup> IO C 323, 26.8.2022, lch. 77.

<sup>2</sup> Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Samhain 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)  
agus cinneadh ón gComhairle an 8 Nollaig 2023.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sa teachtaireacht uaidh an 2 Nollaig 2020 dar teideal *Digitalisation of justice in the European Union. A toolbox of opportunities* [Digiú an cheartais san Aontas Eorpach – Bosca uirlisí de dheiseanna], shainaithin an Coimisiún an gá atá le creat reachtach nósanna imeachta trasteorann an Aontais a nuachóiriú sa dlí sibhialta, tráchtála agus coiriúil, i gcomhréir leis an bprionsabal ‘digiteach mar réamhshocrú’, á áirithiú an tráth céanna go bhfuil na coimircí uile is gá i bhfeidhm chun eisiámh sóisialta a sheachaint.
- (2) An comhar breithiúnach idir na Ballstáit a éascú, tá sin i measc phríomhchuspóirí limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais a chumhdaítear i dTeideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).
- (3) Chun comhar breithiúnach in ábhair shibhialta, thráchtála agus choiriúla a bhfuil impleachtaí trasteorann ag baint leo a fheabhsú, ba cheart gníomhartha dlí an Aontais lena ndéantar foráil maidir le cumarsáid idir údaráis inniúla, lena n-áirítear gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais, a chomhlánú le coinníollacha faoina ndéanfar cumarsáid den sórt sin trí mhodhanna digiteacha ar bhealach lena n-áirithítear cosaint na gceart bunúsach dá bhforáiltear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe iad siúd a chumhdaítear i dTeideal VI, go háirithe Airteagal 47 maidir leis an gceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil. Níor cheart na coinníollacha sin a bheith ag baint, ar bhealach ar bith, an bhoinn ó chosaint na gceart nós imeachta atá fíor-riachtanach chun na cearta bunúsacha sin a chosaint, i gcomhréir le dlí an Aontais.

- (4) Chun an comhar breithiúnach a nuachóiriú agus a fheabhsú agus chun rochtain ar an gceartas a éascú, glacadh Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1+</sup>.

---

<sup>1</sup> Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le digitiú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L. ..., ELI: ...).

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

- (5) Chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí Rialachán (AE).../...<sup>+</sup> ina n-iomláine, agus chun gníomhartha dlí de chuid an Aontais atá ann cheana in ábhair shibhialta, thráchtála agus choiriúla a ailíniú leis an Rialachán sin, is gá leasú a dhéanamh ar Threoracha 2011/99/AE<sup>1</sup> agus 2014/41/AE<sup>2</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ar Threoir 2003/8/CE<sup>3</sup> ón gComhairle agus ar Chinntí Réime 2002/584/CGB<sup>4</sup>, 2003/577/CGB<sup>5</sup>, 2005/214/CGB<sup>6</sup>, 2006/783/CGB<sup>7</sup>, 2008/909/CGB<sup>8</sup>, 2008/947/CGB<sup>9</sup>, 2009/829/CGB<sup>10</sup> agus 2009/948/CGB<sup>11</sup> ón gComhairle.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394 (COD)).

<sup>1</sup> Treoir 2011/99/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir leis an ordú cosanta Eorpach (IO L 338, 21.12.2011, lch. 2).

<sup>2</sup> Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1).

<sup>3</sup> Treoir 2003 /8/CE ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 maidir leis an rochtain ar an gceartas i ndíospóidí trasteorann a fheabhsú trí rialacha coiteanna íosta a leagan síos a bhaineann le cúnamh dlíthiúil a chur ar fáil do na díospóidí sin (IO L 26, 31.1.2003, lch. 41).

<sup>4</sup> Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1).

<sup>5</sup> Cinneadh Réime 2003/577/CGB ón gComhairle an 22 Iúil 2003 maidir le horduithe a fhorghníomhú san Aontas Eorpach chun maoin nó fianaise a reo (IO L 196, 2.8.2003, lch. 45).

<sup>6</sup> Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar phionóis airgeadais (IO L 76, 22.3.2005, lch. 16).

<sup>7</sup> Cinneadh Réime 2006/783/CGB ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2006 maidir le haitheantas fhrithpháirteach a thabhairt d'orduithe coigistíochta (IO L 328, 24.11.2006, lch. 59).

<sup>8</sup> Cinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeáda nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach (IO L 327, 5.12.2008, lch. 27).

<sup>9</sup> Cinneadh Réime 2008/947/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh i ndáil le breithiúnais agus cinntí promhaidh d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar bhearta promhaidh agus ar smachtbhannaí malartacha (IO L 337, 16.12.2008, lch. 102).

<sup>10</sup> Cinneadh Réime 2009/829/CGB ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2009 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm, idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ar chinntí faoi bhearta maoirseachta mar rogha mhalartach ar choinneáil shealadach (IO L 294, 11.11.2009, lch. 20).

<sup>11</sup> Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinbhleachtaí i bhfeidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú (IO L 328, 15.12.2009, lch. 42).

- (6) Féachtar leis na leasuithe dá bhforáiltear sa Treoir seo lena áirithiú go ndéanfar cumarsáid trasteorann idir na húdaráis i gcomhréir leis na rialacha agus na prionsabail a leagtar amach i Rialachán (AE) .../...<sup>+</sup>. De bhun an Rialacháin sin, ba cheart, de ghnáth, an chumarsáid idir údaráis inniúla na mBallstát éagsúil agus idir údarás inniúil náisiúnta agus gníomhaireacht nó comhlacht de chuid an Aontais faoi na gníomhartha dlí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla a leasaítear leis an Treoir seo a dhéanamh trí chóras TF dílártaite. Go háirithe, ba cheart an córas TF dílártaite a úsáid, mar riail, chun foirmeacha dá bhforáiltear leis na gníomhartha dlí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla arna leasú leis an Treoir seo a mhalartú, agus le haghaidh na cumarsáide oifigiúla eile go léir faoi na gníomhartha dlí sin nach mór a dhéanamh i scríbhinn, mar shampla, chun cáschomhaid na n-údarás inniúil a choinneáil. I gcásanna ina mbeidh feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na heisceachtaí dá bhforáiltear i Rialachán (AE).../...<sup>+</sup>, eadhon i gcás nach féidir nó nach iomchuí úsáid a bhaint as an gcóras TF dílártaite, ba cheart a bheith in ann modhanna eile cumarsáide a úsáid mar a shonraítear sa Rialachán sin. Chun críocha Chinntí Réime 2005/214/CGB, 2006/783/CGB, 2008/909/CGB, 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB agus Threoir 2014/41/AE, i gcás ina ndéantar foráil sna gníomhartha dlí sin maidir leis an gcumarsáid idir na húdaráis atá le déanamh le haon mhodh nó aon mhodh iomchuí, ba cheart rogha a bheith ag údaráis den sórt sin maidir leis an modh cumarsáide atá le húsáid.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394 (COD)).

- (7) Ós rud é go leagtar amach sa Treoir seo leasuithe ar rialacha a trasuódh cheana féin i ndlíchóras náisiúnta na mBallstát, ba cheart forálacha sonracha a bheith inti freisin maidir leis na leasuithe sin a thrasuí. Ba cheart na forálacha trasuímh sin a chur i gcomhréir leis an amlíne cur chun feidhme dá bhforáiltear i Rialachán (AE).../...<sup>+</sup>.
- (8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.
- (9) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d’Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)).

## Caibidil I

# Leasuithe ar ghníomhartha dlí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus thráchtála

### *Airteagal 1*

#### *Leasú ar Threoir 2003/8/CE*

In Airteagal 13(4) de Threoir 2003/8/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Déanfaidh an t-údarás tarchurtha inniúil an t-iarratas a tharchur chuig an údarás fála inniúil sa Bhallstát eile i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>+</sup> laistigh de 15 lá ón iarratas seo a fháil, arna chomhlánú go cuí i gceann de na teangacha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, mar aon leis na doiciméid tacaíochta, arna n-aistriú, más gá, go ceann de na teangacha sin.

---

\* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le digitíú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L , ELI: ...).

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

## Caibidil II

# Leasuithe ar ghníomhartha dlí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla

### *Airteagal 2*

#### *Leasuithe ar Chinneadh Réime 2002/584/CGB*

Leasaítear Cinneadh Réime 2002/584/CGB mar a leanas:

- (1) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 8a*

*Modhanna cumarsáide*

1. Gan dochar d’Airteagal 9(2) agus d’Airteagal 10(2) agus (3), déanfar cumarsáid oifigiúil faoin gCinneadh Réime seo idir an t-údarás breithiúnach eisiúna agus an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>+</sup>.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

I gcás inar ainmnigh Ballstát údarás lárnach nó údaráis lárnacha, beidh feidhm ag an gcéad fhomhír freisin maidir le cumarsáid oifigiúil leis an údarás lárnach nó leis na húdaráis lárnacha de Bhallstát eile.

2. Is i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE).../...<sup>+</sup> a dhéanfar cumarsáid idir an t-údarás inniúil sa Bhallstát eisiúna agus an t-údarás inniúil sa Bhallstát forghníomhaitheach chun faisnéis a sholáthar is gá chun a chur ar chumas an duine iarrtha dlíodóir a cheapadh sa Stát eisiúna i gcomhréir le hAirteagal 10(5) de Threoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>\*\*</sup> agus chun iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlíthiúil sa Stát eisiúna i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Threoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>\*\*\*</sup>.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23(2021/0394 (COD)).

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfar iarrataí ar idirthuras arna ndéanamh de bhun Airteagal 25(3) a sheoladh trí bhealaí slána cumarsáide fhorfheidhmiú an dlí freisin.

- 
- \* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le digitíú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L, ..., ELI: ...).
- \*\* Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).
- \*\*\* Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).’;

(2) in Airteagal 10, scriostar mír 4;

(3) in Airteagal 18, (1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) a chomhaontú gur cheart éisteacht a thabhairt don duine iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 19 den Chinneadh Réime seo nó trí fhíschomhdháil i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE).../...<sup>+</sup>’;

(4) in Airteagal 25, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Díreofar an iarraidh ar idirthuras agus an fhaisnéis a leagtar amach i mír 1 chuig an údarás arna ainmniú de bhun mhír 2. Tabharfaidh Ballstát an idirthurais fógra faoin gcinneadh uaidh maidir leis an iarraidh ar idirthuras.’.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)).

*Airteagal 3*  
*Leasuithe ar Chinneadh Réime 2003/577/CGB*

Leasaítear Cinneadh Réime 2003/577/CGB mar a leanas:

- (1) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:  
  
‘1. Maidir le hordú reo de réir bhrí an Chinnidh Réime seo, mar aon leis an deimhniú dá bhforáiltear in Airteagal 9, déanfaidh an t-údarás breithiúnach a d’eisigh an t-ordú é a tharchur go díreach chuig an údarás breithiúnach inniúil lena fhorghníomhú.’;
- (2) in Airteagal 5(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:  
  
‘Déanfar tuarascáil maidir le forghníomhú an ordaithe reo a chur gan mhoill chuig an údarás inniúil sa Stát eisiúna.’;
- (3) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:  
  
‘3. Maidir le haon chinneadh aitheantas nó forghníomhú a dhiúltú, déanfar é a ghlacadh agus a chur in iúl láithreach d’údaráis bhreithiúnacha inniúla an Stáit eisiúna.’;

(4) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Déanfar tuarascáil maidir le forghníomhú an ordaithe reo a chur siar, lena n-áirítear na forais lena chur siar agus, más féidir, an fad a mheastar a mhairfidh an cur siar, a thabhairt láithreach chuig an údarás inniúil sa Stát eisiúna.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. A luaithe a scoirfidh na forais le cur siar an ordaithe de bheith ann, déanfaidh údarás breithiúnach inniúil an Stáit fhorghníomhaigh na bearta is gá láithreach chun an t-ordú reo a fhorghníomhú agus cuirfidh sé an t-údarás inniúil sa Stát eisiúna ar an eolas faoin méid sin.’;

(5) i dTeideal II, cuirtear an t-airteagal seo a leanas leis:

*‘Airteagal 12a*

*Modhanna cumarsáide*

Déanfar cumarsáid oifigiúil faoin gCinneadh Réime seo idir údarás inniúil breithiúnach an Stáit eisiúna agus údarás inniúil breithiúnach an Stáit fhorghníomhaithigh i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>++</sup>.

---

\* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le digitíú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L. ..., ELI: ...).’.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

*Airteagal 4*  
*Leasuithe ar Chinneadh Réime 2005/214/CGB*

Leasaítear Cinneadh Réime 2005/214/CGB mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

- ‘3. Déanfaidh an t-údarás inniúil sa Stát eisiúna an cinneadh nó cóip dheimhnithe de, mar aon leis an deimhniú, a tharchur go díreach chuig an údarás inniúil sa Stát forghníomhaitheach. Déanfar an leagan bunaidh den chinneadh, nó cóip dheimhnithe de, agus an leagan bunaidh den deimhniú, a sheoladh chuig an Stát forghníomhaitheach má éilíonn sé amhlaidh. Féadfar na bunchóipeanna nó cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid a sheoladh i bhfoirm leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>++</sup>. Déanfar gach cumarsáid oifigiúil eile go díreach idir na húdaráis inniúla sin freisin.

---

\* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le digitíú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L, ..., ELI: ...).’;

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23(2021/0394(COD) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

(2) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Cuirfidh údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh údarás inniúil an Stáit eisiúna ar an eolas gan mhoill.’;

(3) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 15a*

*Modhanna cumarsáide*

1. Cé is moite de chumarsáid faoi Airteagal 7(3), is i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) .../...<sup>+</sup> a dhéanfar cumarsáid oifigiúil faoin gCinneadh Réime seo idir údarás inniúil an Stáit eisiúna agus údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh.
2. I gcás inar ainmnigh Ballstát údarás lárnach nó údaráis lárnacha, beidh feidhm ag mír 1 freisin maidir le cumarsáid oifigiúil leis an údarás lárnach nó leis na húdaráis lárnacha de Bhallstát eile.’.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)).

*Airteagal 5*  
*Leasuithe ar Chinneadh Réime 2006/783/CGB*

Leasaítear Cinneadh Réime 2006/783/CGB mar a leanas:

- (1) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
- ‘2. Déanfaidh údarás inniúil an Stáit eisiúna an t-ordú coigistíochta nó cóip dheimhnithe de, mar aon leis an deimhniú, a tharchur go díreach chuig údarás an Stáit fhorghníomhaithigh atá inniúil ar a fhorghníomhú. Déanfar an leagan bunaidh den ordú coigistíochta, nó cóip dheimhnithe de, agus an leagan bunaidh den deimhniú, a tharchur chuig an Stát forghníomhaitheach má éilíonn sé amhlaidh. Féadfar na bunchóipeanna nó cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid a sheoladh i bhfoirm leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>+</sup>. Déanfar gach cumarsáid oifigiúil eile go díreach idir na húdaráis inniúla sin freisin.

---

\* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le digitíú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L, ..., ..., ELI: ...).’;

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

(2) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcás cur siar de bhun mhír 1, pointe (a), cuirfidh údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaigh údarás inniúil an Stáit eisiúna ar an eolas faoi sin láithreach, agus déanfaidh údarás inniúil an Stáit eisiúna na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 14(3) a chomhlíonadh.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) go (e), déanfaidh údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaigh tuarascáil maidir le cur siar an fhorghníomhaithe, lena n-áirítear na forais leis an gcur siar agus, más féidir, an fad a mheastar a mhairfidh an cur siar, a thabhairt láithreach chuig údarás inniúil an Stáit eisiúna.

A luaithe a scoirfidh na forais leis an gcur siar de bheith ann, déanfaidh údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaigh na bearta is gá láithreach chun an t-ordú coigistíochta a fhorghníomhú agus cuirfidh sé údarás inniúil an Stáit eisiúna ar an eolas faoin méid sin.’;

- (3) in Airteagal 14(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Cuirfidh údarás inniúil an Stáit eisiúna údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh lena mbaineann ar an eolas láithreach.’;

- (4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

*‘Airteagal 15*

*An fhorghníomhú a fhoirceannadh*

Cuirfidh údarás inniúil an Stáit eisiúna údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh ar an eolas láithreach faoi aon chinneadh nó aon bheart ar dá bharr nach mbeidh an t-ordú in-fhorfheidhmithe a thuilleadh nó ar dá bharr a dhéanfar an t-ordú a tharraingt siar ón Stát forghníomhaitheach ar aon chúis eile. Foirceannfaidh an Stát forghníomhaitheach forghníomhú an ordaithe a luaith a chuirfidh údarás inniúil an Stáit eisiúna ar an eolas é faoin gcinneadh sin nó faoin mbeart sin.’;

- (5) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Cuirfidh údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh údarás inniúil an Stáit eisiúna ar an eolas gan mhoill.’;

(6) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 18a*

*Modhanna cumarsáide*

1. Cé is moite de chumarsáid faoi Airteagal 8(4) agus Airteagal 12(2), is i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) .../...<sup>+</sup> a dhéanfar cumarsáid oifigiúil faoin gCinneadh Réime seo idir údarás inniúil an Stáit eisiúna agus údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh.
2. I gcás inar ainmnigh Ballstát údarás lárnach nó údaráis lárnacha, beidh feidhm ag mír 1 freisin maidir le cumarsáid oifigiúil leis an údarás lárnach nó leis na húdaráis lárnacha de Bhallstát eile.’.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)).

*Airteagal 6*  
*Leasuithe ar Chinneadh Réime 2008/909/CGB*

Leasaítear Cinneadh Réime 2008/909/CGB mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

- ‘1. Déanfaidh údarás inniúil an Stáit eisiúna an breithiúnas nó cóip dheimhnithe de, mar aon leis an deimhniú, a chur ar aghaidh go díreach chuig údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh. Déanfar an leagan bunaidh den bhreithiúnas, nó cóip dheimhnithe de, agus an leagan bunaidh den deimhniú, a sheoladh chuig an Stát forghníomhaitheach má éilíonn sé amhlaidh. Féadfar na bunchóipeanna nó cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid a sheoladh i bhfoirm leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>\*,+</sup>. Déanfar gach cumarsáid oifigiúil eile go díreach idir na húdaráis inniúla sin freisin.

---

\* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le digitiú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L, ..., ELI: ...).’;

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

(2) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ceadóidh gach Ballstát, i gcomhréir lena dhlí féin, idirthuras duine faoi phianbhreith trína chríoch atá á aistriú chuig an Stát forghníomhaitheach, ar choinníoll go bhfuil cóip den deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 4 curtha ar aghaidh chuige ag an Stát eisiúna in éineacht leis an iarraidh ar idirthuras. Déanfar an iarraidh ar idirthuras agus an deimhniú a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 22a. Arna iarraidh don Bhallstát idirthuras a cheadú, soláthróidh an Stát eisiúna aistriúchán den deimhniú go ceann de na teangacha, a bheidh le sonrú san iarraidh, lena nglacfaidh an Ballstát a n-iarrtar air idirthuras a cheadú.’;

(3) in Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Cuirfidh údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaigh údarás inniúil an Stáit eisiúna ar an eolas gan mhoill.’;

(4) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 22a*

*Modhanna cumarsáide*

1. Cé is moite de chumarsáid faoi Airteagal 4(3), Airteagal 9(3) agus Airteagal 12(3), is i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) .../...<sup>+</sup> a dhéanfar cumarsáid oifigiúil faoin gCinneadh Réime seo idir údarás inniúil an Stáit eisiúna agus údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh.
2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar iarrataí ar idirthuras arna ndéanamh de bhun Airteagal 16(1) a sheoladh freisin trí bhealaí slána cumarsáide fhorfheidhmiú an dlí.’

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)).

*Airteagal 7*  
*Leasuithe ar Chinneadh Réime 2008/947/CGB*

Leasaítear Cinneadh Réime 2008/947/CGB mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Déanfaidh údarás inniúil an Stáit eisiúna an breithiúnas agus, i gcás inarb infheidhme, an cinneadh promhaidh, mar aon leis an deimhniú dá dtagraítear i mír 1, a chur ar aghaidh go díreach chuig údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh. Déanfar an leagan bunaidh den bhreithiúnas agus, i gcás inarb infheidhme, den chinneadh promhaidh, nó cóipeanna deimhnithe díobh, mar aon leis an leagan bunaidh den deimhniú, a sheoladh chuig údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh má éilíonn sé amhlaidh. Féadfar na bunchóipeanna nó cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid a sheoladh i bhfoirm leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>+</sup>. Déanfar gach cumarsáid oifigiúil eile go díreach idir na húdaráis inniúla sin freisin.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

---

\* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le digitiú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L, ..., ELI: ...).’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Nuair nach bhfuil aon inniúlacht ag údarás de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh a fhaigheann breithiúnas agus, i gcás inarb infheidhme, cinneadh promhaidh, in éineacht leis an deimhniú dá dtagraítear i mír 1, an breithiúnas nó an cinneadh sin a aithint agus na bearta is gá ina dhiaidh sin a dhéanamh chun maoirseacht a dhéanamh ar an mbeart promhaidh nó ar an smachtbhanna malartach, cuirfidh sé ar aghaidh é, *ex officio*, chuig an údarás inniúil agus cuirfidh sé údarás inniúil an Stáit eisiúna ar an eolas gan mhoill dá réir sin.’;

(2) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cinnfidh údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh a luaithe is féidir, agus laistigh de 60 lá ón mbreithiúnas agus, i gcás inarb infheidhme, an cinneadh promhaidh a fháil, in éineacht leis an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 6(1), an dtabharfaidh sé aitheantas don bhreithiúnas agus, i gcás inarb infheidhme, an cinneadh promhaidh, agus an nglacfaidh sé freagracht air féin as maoirseacht a dhéanamh ar na bearta promhaidh nó ar na smachtbhannaí malartacha. Cuirfidh sé údarás inniúil an Stáit eisiúna ar an eolas láithreach faoin gcinneadh uaidh.’;

(3) leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cuirfidh údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaigh údarás inniúil an Stáit eisiúna ar an eolas gan mhoill faoi gach cinneadh maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) modhnú ar an mbeart promhaidh nó ar an smachtbhanna malartach;
- (b) cúlghairm fhionraí fhorghníomhú an bhreithiúnais nó cúlghairm an chinnidh maidir le scaoileadh saor coinníollach;
- (c) pianbhreith choimeádta nó beart a bhaineann le cailleadh saoirse a fhorfheidhmiú mar gheall ar neamhchomhlíonadh birt promhaidh nó smachtbhanna mhalartaigh;
- (d) dul in éag an bhirt promhaidh nó an smachtbhanna mhalartaigh.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Cuirfidh údarás inniúil an Stáit eisiúna údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaigh ar an eolas láithreach faoi aon imthosca nó torthaí a bhféadfadh, ina thuairim, ceann amháin nó níos mó de na cinntí dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) nó (c) a bheith mar thoradh orthu.’;

(4) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Tabharfar fógra faoi na torthaí dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), agus i mír 2 trí úsáid a bhaint as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Tabharfar fógra faoi na fíorais agus na himthosca dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), i gcás inar féidir, tríd an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn II.’;

(5) in Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Cuirfidh údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaigh údarás inniúil an Stáit eisiúna ar an eolas gan mhoill faoin méid seo a leanas:’;

(6) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 20a*

*Modhanna cumarsáide*

Cé is moite de chumarsáid faoi Airteagal 11(3) agus Airteagal 12(2), is i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) .../...<sup>+</sup> a dhéanfar cumarsáid oifigiúil faoin gCinneadh Réime seo idir údarás inniúil an Stáit eisiúna agus údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaigh.’.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)).

*Airteagal 8*  
*Leasuithe ar Chinneadh Réime 2009/829/CGB*

Leasaítear Cinneadh Réime 2009/829/CGB mar a leanas:

(1) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

- ‘2. Déanfaidh an t-údarás inniúil sa Stát eisiúna an cinneadh maidir le bearta maoirseachta nó cóip dheimhnithe de, mar aon leis an deimhniú, a chur ar aghaidh go díreach chuig an údarás inniúil sa Stát forghníomhaitheach. Déanfar an leagan bunaidh den chinneadh maidir le bearta maoirseachta, nó cóip dheimhnithe de, agus an leagan bunaidh den deimhniú, a sheoladh chuig an Stát forghníomhaitheach má éilíonn sé amhlaidh. Féadfar na bunchóipeanna nó cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid a sheoladh i bhfoirm leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>+</sup>. Déanfar gach cumarsáid oifigiúil eile go díreach idir na húdaráis inniúla sin freisin.

---

\* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le digitíú an chomhar bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L, ..., ELI: ...).’;

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

(2) in Airteagal 20(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Cuirfidh an t-údarás inniúil sa Stát forghníomhaitheach an t-údarás inniúil sa Stát eisiúna ar an eolas gan mhoill.’;

(3) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 23a*

*Modhanna cumarsáide*

1. Cé is moite de chumarsáid faoi Airteagal 12(3) agus Airteagal 15(2), is i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) .../...<sup>+</sup> a dhéanfar cumarsáid oifigiúil faoin gCinneadh Réime seo idir údarás inniúil an Stáit eisiúna agus údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh.
2. I gcás inar ainmnigh Ballstát údarás lárnach nó údaráis lárnacha, beidh feidhm ag mír 1 freisin maidir le cumarsáid oifigiúil leis an údarás lárnach nó leis na húdaráis lárnacha de Bhallstát eile.’.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)).

*Airteagal 9*  
*Leasú ar Chinneadh Réime 2009/948/CGB*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7 de Chinneadh Réime 2009/948/CGB:

*‘Airteagal 7*

*Modhanna cumarsáide*

1. An t-údarás atá ag déanamh na teagmhála agus an t-údarás a bhfuil an teagmháil á déanamh leis, déanfaidh siad cumarsáid le chéile i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>+</sup>.
2. I gcás inar ainmnigh Ballstát údarás lárnach nó údaráis lárnacha, beidh feidhm ag mír 1 freisin maidir le cumarsáid oifigiúil leis an údarás lárnach nó leis na húdaráis lárnacha de Bhallstát eile.

---

\* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le digitíú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L, ..., ELI: ...).

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin in PE-CONS 50/23 (2021/0394 (COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

*Airteagal 10*  
*Leasuithe ar Threoir 2011/99/AE*

Leasaítear Treoir 2011/99/AE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás ina dtarchuirfidh údarás inniúil an Stáit eisiúna an t-ordú cosanta Eorpach chuig údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh, déanfaidh sé amhlaidh i gcomhréir le hAirteagal 16a. Déanfar gach cumarsáid oifigiúil eile go díreach idir na húdaráis inniúla sin freisin.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Nuair nach bhfuil aon inniúlacht ag údarás de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh a fhaigheann ordú cosanta Eorpach chun é a aithint, déanfaidh an t-údarás sin, *ex officio*, an t-ordú cosanta Eorpach a chur ar aghaidh chuig an údarás inniúil agus cuirfidh sé údarás inniúil an Stáit eisiúna ar an eolas gan mhoill, dá réir.’;

(2) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Má mheasann an t-údarás inniúil sa Stát forghníomhaitheach go bhfuil an fhaisnéis a tarchuireadh leis an ordú cosanta Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 7 neamhiomlán, cuirfidh sé údarás inniúil an Stáit eisiúna ar an eolas gan mhoill, agus tréimhse réasúnta á sannadh dó chun an fhaisnéis atá in easnamh a sholáthar.’;

(3) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 16a*

*Modhanna cumarsáide*

1. Déanfar cumarsáid oifigiúil faoin Treoir seo idir údarás inniúil an Stáit eisiúna agus údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>+</sup>.
2. I gcás inar ainmnigh Ballstát údarás lárnach nó údaráis lárnacha, beidh feidhm ag mír 1 freisin maidir le cumarsáid oifigiúil leis an údarás lárnach nó leis na húdaráis lárnacha de Bhallstát eile.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

- 
- \* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le digitíú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L, ..., ELI: ...).’.

*Airteagal 11*

*Leasuithe ar Threoir 2014/41/AE*

Leasaítear Treoir 2014/41/AE mar a leanas:

- (1) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 5a*

*Modhanna cumarsáide*

1. Cé is moite de chumarsáid faoi Airteagal 9(6), Airteagal 11(4), Airteagal 12(5) agus (6) agus Airteagal 16(2), an chéad fhomhír, déanfar cumarsáid faoin Treoir seo idir an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>+</sup>.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

2. I gcás inar ainmnigh Ballstát údarás lárnach nó údaráis lárnacha, beidh feidhm ag mír 1 freisin maidir le cumarsáid oifigiúil leis an údarás lárnach nó leis na húdaráis lárnacha de Bhallstát eile.

---

\* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le digitíú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L, ..., ELI: ...).’;

(2) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh an t-údarás eisiúna an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach (OIE), arna chomhlánú i gcomhréir le hAirteagal 5, a tharchur chuig an údarás forghníomhaitheach.

(3) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. A luaithe a scoirfidh na forais leis an gcur siar de bheith ann, déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach na bearta is gá láithreach chun OIE a fhorghníomhú agus cuirfidh sé an t-údarás eisiúna ar an eolas faoin méid sin.’;

(4) leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Gan dochar d’Airteagal 10(4) agus (5), cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an t-údarás eisiúna ar an eolas láithreach trí mhodh ar bith:

- (a) mura féidir leis an údarás forghníomhaitheach cinneadh a dhéanamh maidir leis an aitheantas nó leis an bhforghníomhú toisc go bhfuil an fhoirm dá bhforáiltear in Iarscríbhinn A neamhiomlán nó gur léir go bhfuil sí mícheart;
- (b) más rud é go measfaidh an t-údarás forghníomhaitheach, agus OIE á fhorghníomhú aige, go bhféadfadh sé a bheith iomchuí bearta imscrúdaitheacha a chur i gcrích nár samhlaíodh i dtosach, nó nach bhféadfaí a shonrú nuair a eisíodh OIE, chun é a chur ar a chumas don údarás eisiúna gníomhaíocht bhreise a dhéanamh sa chás sonrach; nó
- (c) más rud é go suífidh an t-údarás forghníomhaitheach nach féidir leis, i gcás sonrach, foirmiúlachtaí agus nósanna imeachta arna gcur in iúl go sainráite ag an údarás eisiúna i gcomhréir le hAirteagal 9 a chomhlíonadh.

Arna iarraidh sin don údarás eisiúna, dearbhófar an fhaisnéis gan mhoill i gcomhréir le hAirteagal 5a.’;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Gan dochar d’Airteagal 10(4) agus (5), cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an t-údarás eisiúna ar an eolas gan mhoill:’.

## **Caibidil III**

### **Trasuí**

#### *Airteagal 12*

#### *Trasuí Airteagail 2 agus 11*

Na forálacha reachtaíochta, rialacháin agus riaracháin is gá chun Airteagail 2 agus 11 den Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú laistigh de 2 bhliain ó theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme chomhfhreagraigh dá dtagraítear in Airteagal 10(3)(a) de Rialachán (AE) .../...<sup>+</sup>. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme chomhfhreagraigh dá dtagraítear in Airteagal 10(3)(a) de Rialachán (AE) .../...<sup>+</sup>.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)).

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu d’Airteagail 2 agus 11 den Treoir seo nó beidh tagairt ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

### *Airteagal 13*

#### *Trasuí Airteagail 1, 6 agus 10*

Na forálacha reachtaíochta, rialacháin agus riaracháin is gá chun Airteagail 1, 6 agus 10 den Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú laistigh de 2 bhliain ó theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme chomhfhreagraigh dá dtagraítear in Airteagal 10(3)(b) de Rialachán (AE) .../...<sup>+</sup>. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme chomhfhreagraigh dá dtagraítear in Airteagal 10(3)(b) de Rialachán (AE) .../...<sup>+</sup>.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu d’Airteagail 1, 6 agus 10 den Treoir seo nó beidh tagairt ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)).

## *Airteagal 14*

### *Trasuí Airteagail 3, 4, 5 agus 9*

Na forálacha reachtaíochta, rialacháin agus riaracháin is gá chun Airteagail 3, 4, 5 agus 9 den Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú laistigh de 2 bhliain ó theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme chomhfhreagraigh dá dtagraítear in Airteagal 10(3)(c) de Rialachán (AE) .../...<sup>+</sup>. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme chomhfhreagraigh dá dtagraítear in Airteagal 10(3)(c) de Rialachán (AE) .../...<sup>+</sup>.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu d’Airteagail 3, 4, 5 agus 9 den Treoir seo nó beidh tagairt ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)).

*Airteagal 15*  
*Trasuí Airteagail 7 agus 8*

Na forálacha reachtaíochta, rialacháin agus riaracháin is gá chun Airteagail 7 agus 8 den Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú laistigh de 2 bhliain ó theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme chomhfhreagraigh dá dtagraítear in Airteagal 10(3)(d) de Rialachán (AE) .../...<sup>+</sup>. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme chomhfhreagraigh dá dtagraítear in Airteagal 10(3)(d) de Rialachán (AE) .../...<sup>+</sup>.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu d’Airteagail 7 agus 8 den Treoir seo nó beidh tagairt ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

---

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 50/23 (2021/0394(COD)).

*Airteagal 16*  
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil* an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 17*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna déanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*